# An Coiste Arduithe Céime d’Ollúna Bunaithe (EPPC)

## Nósanna Imeachta maidir le hIarratais ar Ardú Céime a mheas

## An Scéim Ollúna Bunaithe

### 1. Réamhrá

Is é cuspóir na cáipéise seo treoir bhreise a sholáthar don Choiste Arduithe Céime d’Ollúna Bunaithe (EPPC) i dtaca le hiarratais ar ardú céime a mheas. Ba chóir an cháipéis seo a léamh i gcomhar leis an bPolasaí Arduithe Céime Acadúla.

### 2. Ballraíocht an Choiste

Molfaidh an tUachtarán ballraíocht an Choiste Arduithe Céime d’Ollúna Bunaithe agus déanfaidh an Chomhairle Acadúil í a fhaomhadh. Foilseofar liosta na n-ainmneacha faofa ar láithreán gréasáin Acmhainní Daonna.

- An tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí (Cathaoirleach) (ex officio)
- An Leas-Uachtarán don Taighde (ex officio)
- Ollamh Bunaithe amháin (1), ar a laghad, ó gach Coláiste, arna tharraingt de ghnáth ó ainmnithe an Choláiste ar an gCoiste Arduithe Céime (APC)
- Triúr (3) ainmní seachtracha, a n-áireofar leo beirt (2) mheasúnóirí maoirseachta neamhspleácha ón APC, agus ainmní amháin eile arna cheapadh ag an Uachtarán, nach mór dóibh a bheidh ina n-ollúna iomlána.
- Beidh an EPPC cruinn cothrom ó thaobh inscne de. Déanfar fairsinge ionadaíocht na ndisciplíní a bhreithniú freisin.

Seachas na baill ex officio agus sheachtracha, is iondúil go mairfidh téarma ballraíochta an EPPC trí bliana, tréimhse a d’fhéadfaí a athnuachan, i gcásanna eisceachtúla, go ceann trí bliana eile nuair is gá ó thaobh comhsheasmhachta agus leanúnachais de. Tá ballraíocht an EPPC faoi réir a athbhreithnithe ag an Uachtarán, de réir mar is gá.
Reáchtálfaidh Cathaoirleach an EPPC ceardlanna d'iarrthóirí tuairim is mí amháin roimh an spriocdháta d'iarratais.

Tabharfaidh Acmhainní Daonna tacaíocht riaracháin don Choiste Arduithe Céime d’Ollúna Bunaithe, agus beidh an Stiúrthóir Acmhainní Daonna nó a (h)ainmní i láthair ag gach cruinniú.

## 3. Freastal ar Chruinnithe den EPPC

Tá an Cathaoirleach freagrach as a chinntiú go bhfuil córam ag an gcruinniú, is é sin, go bhfuil ar a laghad seisear den EPPC i láthair, agus gur mná iad 40% ar a laghad díobh siúd atá i láthair agus gur fir iad 40%. Sa chás nach bhfuil sé sin amhlaidh, déanfar an cruinniú a athsceidealú.

Coinneofar súil ar thinreamh ar bhonn bliantúil agus, más gá, déanfar moltaí chuig Údarás na hOllscoile chun ballraíocht an EPPC a athrú.

## 4. Coimhlint Leasa

Ag tús gach babhta, ní mór do bhaill an EPPC aon choimhlint leasa a dhearbhú, bíodh an choimhlint sin iarbhír, braite nó féideartha. Déanfaidh an Coiste Arduithe Céime d'Ollúna Bunaithe breithniú ar a leithéid de choimhlintí leasa mar chuid dá phlé agus é ag féachaint do Pholasaí na hOllscoile maidir le Coimhlint Leasa QA413, an Polasaí Earcaíochta agus Roghnúcháin QA146 agus na Nósanna Imeachta a ghabhann leis agus féachfaidh sé freisin do na samplaí arna leagan amach i dTreoirlínte Coimhlinte Leasa na scéime.

Dearbhóidh baill an EPPC aon chaidreamh le hiarrthóir a d'fhéadfaí a mheas mar chaidreamh a chruthaíonn leas pearsanta nó coimhlint iarbhír nó bhraite nó fhéideartha a d'fhéadfadh cur isteach ar a mbreithiúnas neamhchlaonta.

Sa chás go bhfuil iarratas á mheas ó iarrthóir a bhfuil a C(h)eann Scoile ina b(h)all den EPPC, ní bheidh cosc ar an gCeann Scoile a bheith i láthair ag an gcruinniú ach iarrfar air/uirthi a c(h)uid tuairimí ar an iarratas a choinneáil siar go dtí go mbeidh tuairimí gach ball eile den choiste tugtha.

Ní dhéanann baill an EPPC ionadaíocht ar Choláistí/Scoileanna agus níor cheart go ndéanfaí cásanna ar leith a mholadh. Is é ról an EPPC a chinntiú go dtugtar breithniú neamhchlaonta, cothrom agus comhsheasmhach ar gach iarratas.

Éileofar ar gach ball den EPPC aon choimhlint leasa, bíodh an choimhlint sin iarbhír nó braite nó féideartha, a dhearbhú go foirmeálta i scríbhinn (go hiondúil i ríomhphost chuig an riarthóir ar liosta na n-iarratasóirí a bheith curtha in iúl dóibh ag tús an bhabhta), agus éileofar ar gach measúnóir seachtrach dearbhú maidir le Coimhlint Leasa a chur isteach.

Sa chás go bhféadfadh coimhlint leasa iarbhír nó bhraite nó fhéideartha a bheith ag ball den EPPC i ngeall ar chaidreamh pearsanta nó eile le hiarrthóir(í), ní mór an choimhlint leasa iarbhír nó bhraite nó fhéideartha sin a bheith curtha in iúl don Chathaoirleach i scríbhinn tráth eisithe an liosta iarratasóirí agus tráth iarrtha na ndearbhuithe maidir le coimhlint leasa. Féadfaidh an Cathaoirleach dul i gcomhairliúchán mar is gá, agus déanfaidh sé/sí cinneadh maidir le haon choimhlint leasa iarbhír nó bhraite nó fhéideartha arna cur in iúl ag

aon pháirtí nó duine.

Ní mór do bhaill an EPPC aon chás ina d'fhéadfaidís a bheith ag déanamh cinneadh maidir le duine dá neasteaghlach a sheachaint, le go seachnófaí aon choimhlint leasa iarbhír nó bhraite nó fhéideartha. Sa chás go dtagann na cúinsí sin chun cinn, táthar ag súil go dtarraingeoidh ball an Choiste siar ón measúnú ar leith sin le faomhadh an Chathaoirligh. D'fhéadfadh baill den EPPC a bheith cairdiúil le hiarrthóir(í) ar ardú céime, nó caidreamh de chineál eile a bheith acu leo, bíodh an caidreamh sin dearfach nó diúltach. Ní mór, ina leithéid de chúinsí, an choimhlint iarbhír nó bhraite nó fhéideartha sin a chur ar shúile an Chathaoirligh i scríbhinn tráth eisithe an liosta iarratasóirí agus tráth iarrtha na ndearbhuithe maidir le coimhlint leasa. Is féidir leis an gCathaoirleach dul i mbun comhairliúcháin mar is gá agus cinneadh a dhéanamh.

Má airíonn ball den EPPC go bhféadfadh sé a bheith deacair air/uirthi an prionsabal fiúntais a chur i bhfeidhm i ngeall ar an gcaidreamh, nó go bhféadfadh a rannpháirtíocht cur i bhfeidhm an phrionsabail fiúntais a chur i mbaol, ní mór an choimhlint iarbhír nó bhraite nó fhéideartha sin a chur ar shúile an Chathaoirligh i scríbhinn tráth eisithe an liosta iarratasóirí agus tráth iarrtha na ndearbhuithe maidir le coimhlint leasa. Is féidir leis an gCathaoirleach dul i mbun comhairliúcháin mar is gá agus cinneadh a dhéanamh.

Más amhlaidh go bhfuil leas dílsithe ag ball den EPPC, de bhrí go bhfuil caidreamh aige/aici le hiarrthóir(í), go n-éireodh leis an iarrthóir sin, ní mór an choimhlint iarbhír nó bhraite nó fhéideartha sin a chur ar shúile an Chathaoirligh i scríbhinn tráth eisithe an liosta iarratasóirí agus tráth iarrtha na ndearbhuithe maidir le coimhlint leasa. Is féidir leis an gCathaoirleach dul i mbun comhairliúcháin mar is gá agus cinneadh a dhéanamh.

Tá dualgas ar Mheasúnóirí Seachtracha chomh maith aon choimhlint leasa a chur in iúl agus iarratas á mheas acu.

Beidh an t-iarratas sin san áireamh sa chuireadh ón EPPC chuig an Measúnóir Seachtrach agus iarrfar ar mheasúnóirí sonraí a chur ar fáil maidir leis an gceangal atá acu leis an iarrthóir agus an dearbhú maidir le coimhlint leasa a shíniú mar chuid den mheasúnú. Seolfar cóip de na treoirlínte maidir le coimhlint leasa chuig Measúnóirí Seachtracha.

## 5. Ceisteanna Comhionannais

Tá breithniú ar shaincheisteanna comhionannais ríthábhachtach maidir le hoibriú éifeachtach nós imeachta na hOllscoile i leith ardú céime, ar nós imeachta é sin atá deartha chun comhsheasmhacht agus cothroime a chinntiú i gcinnteoireacht.

Ní féidir leis an gCoiste aird a tharraingt nó plé a dhéanamh ar aon tsaincheist chomhionannais nach bhfuil tagairt shonrach déanta ag an iarrthóir di ina (h)iarratas ar ardú céime.

Tá an EPPC tiomanta do neamh-idirdhealú ar na naoi bhforas lena n-áirítear inscne, stádas

pósta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, creideamh, aois, míchumas, cine agus ballraíocht den lucht siúil. Déanfaidh an EPPC aon tsaincheist chomhionannais a mheas de réir Pholasaithe Comhionannais Deiseanna na hOllscoile.[1]

Beidh ar gach ball den choiste freastal ar oiliúint chomhionannais agus ar oiliúint maidir le claonadh neamh-chomhfhiosach, mar aon le hoiliúint faoin gcaoi le haiseolas éifeachtach a thabhairt.

## 6. Measúnú ar iarratais a bhfuil saoire luaite iontu (seachas Comhaltaí Foirne Páirtaimseartha, Saoire Neamhláithreachta)

Is ann d'fhoráil chun aitheantas a thabhairt ar an gcaoi a bhfágtar níos mó ban agus cúramóirí ar lár go staitistiúil i gcritéir roghnúcháin áirithe, agus chun na critéir mheasúnaithe a chur in oiriúint dá réir sin. Ní bheidh ar chumas na gcomhaltaí foirne a ghlac am saor óna p(h)ost de bharr saoire mháithreachais, saoire uchtaíoch, saoire do thuismitheoirí, saoire bhreoiteachta, saoire bhreoiteachta a bhaineann le míchumas agus saoire cúramóra an méid céanna aschur a chur ar fáil agus a bheidh comhalta foirne den chineál céanna nár ghlac am saor.

Nuair a luaitear saoire a bhfuil taifead uirthi in iarratas, déanfaidh an Coiste Arduithe Céime d'Ollúna Bunaithe measúnú ar an aschur oibre i gcomparáid leis an deis oibre, i.e. cuirfear aschur acadúil san áireamh ar bhonn *pro-rata* i gcás comhalta foirne a thóg saoire den chineál sin.

## 7. Nósanna Imeachta Measúnachta

### 7.1. Spriocdhátaí agus Prionsabail Oibre

Breithneoidh an EPPC iarratais atá curtha faoi bhráid Acmhainní Daonna faoin spriocdháta cuí. Beidh dhá spriocdháta den sórt sin ann in aghaidh na bliana: 16.00 ar an lá deireanach oibre de mhí Feabhra agus 16.00 ar an lá deireanach oibre de mhí Lúnasa.

- Is iondúil go léifidh gach ball den EPPC gach iarratas roimh chruinniú an EPPC agus go gcuirfidh siad leis an bplé ar gach iarratas.
- Oibreoidh an EPPC ar bhonn comhaontaithe.
- Mura bhfuil ball den EPPC i láthair ag an gcruinniú ina ndéantar moladh, dearbhóidh sé/sí a c(h)omhaontú nó a (h)easaontas leis an gcinneadh ag cruinniú an EPPC ina dhiaidh sin.[2]
- Is iondúil go mbeidh ar an mball nach raibh i láthair tuairisc ar na hiarratais a chur

[1] Tá teacht ar pholasaithe na hOllscoile ina leith seo ag: https://www.universityofgalway.ie/equalityanddiversity/policies- procedures/

[2] Ní cheanglófar ar bhaill den Choiste ar shaoire shabóideach taighde nó as láthair de bharr cúinsí ar a n-áirítear tinneas etc. a bheith páirteach sa phróiseas cinnteoireachta.

isteach roimh chruinniú ábhartha an EPPC.

### 7.2. Modhanna Oibre – Cás Prima Facie

#### 7.2.1. Roimh an gCruinniú

- Déanfaidh gach ball den EPPC athbhreithniú roimh an gcruinniú ar gach iarratas i gcoinne chritéir na scéime d'fhonn teacht ar thuairim aonair féachaint an bhfuil cás prima facie ann.[3]
- Ba chóir go dtiocfaidh gach ball den Choiste ar thuairim i leith gach ceann de na príomh-cheannteidil do gach iarrthóir. Cuirfear na tuairimí seo isteach roimh ré ar an pro-forma cuí de réir an scéime seo a leanas:
    - 3 = Tá an critéar comhlíonta
    - 2 = D'fhéadfadh sé go bhfuil an critéar comhlíonta
    - 1 = Níl an critéir comhlíonta
- Ní chuirfidh na baill aon eolas eile san áireamh maidir leis an iarratas ná an t-iarratasóir, ná ní iarrfaidh sé/sí eolas breise ó aon duine.
- I gcás eisceachtúil, nuair atá líon ard iarratas ann, féadfaidh an Cathaoirleach beirt nó níos mó den EPPC a ainmniú mar phríomhléitheoirí ar fho-thacair na n-iarratas.

#### 7.2.2. Le linn an Chruinnithe

- Roghnóidh an Cathaoirleach ball den EPPC chun an measúnú ar gach iarratas a threorú, agus tar éis don choiste iomlán breithniú a dhéanamh air, déanfar cinneadh comhchoiteann maidir le ar sholáthair an t-iarrthóir dóthain fianaise chun cás prima facie a bhunú.
- Sa chás go gcinnfidh an EPPC go bhfuil cás prima facie léirithe ag iarrthóir, déanfaidh an EPPC an liosta Measúnóirí Seachtracha atá curtha ar fáil ag an iarrthóir agus, as féin, liosta an Chinn Scoile/an Déin Feidhmiúcháin[4], a mheas agus tiocfaidh sé ar chomhaontú maidir leo, agus seolfaidh sé comhfhreagras ag tabhairt cuireadh do na measúnóirí measúnú a chur isteach do na hiarrthóirí. Bíonn trí (3) thuairisc ó mheasúnóirí seachtracha ag teastáil i gcás ardú céime chuig Ollamh Bunaithe.
- Sa chás go gcinnfidh an EPPC nach bhfuil cás prima facie déanta ag an iarrthóir, iarrfar ar bhall den EPPC dréacht-tuairisc aiseolais a ullmhú lena breithniú agus lena faomhadh ag an EPPC. Ba chóir go mbeadh réasúnaíocht shoiléir sa tuairisc seo maidir leis an gcinneadh agus go ndéanfaí moltaí inti maidir leis na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh an t-iarrthóir tabhairt fúthu chun iarratas a bheadh á dhéanamh ina dhiaidh sin aige/aici a neartú.
- Nuair a bheidh gach tuairisc aiseolais aontaithe, cuirfidh an EPPC liosta na n-iarrthóirí nár éirigh leo cás prima facie a dhéanamh chuig an Uachtarán chun go nglacfar leis.

---

[3] Beidh cás prima facie ann má tá an chomhthuairim ag an EPPC, faoi réir na measúnachta riachtanaí ó shaineolaithe seachtracha, gur dóchúil go mbeidh ardú céime ann bunaithe ar an bhfianaise atá curtha i láthair maidir leis na critéir ardaithe céime faoi riachtanais na scéime.

[4] Ba chóir don Cheann Scoile cuí agus an Déan Feidhmiúcháin an liosta seo a aontú. I gcás easaontais, is ag an Déan a bheidh an cinneadh deiridh.

Seolfar é seo chuig an Uachtarán an tráth céanna a seolfar an liosta moltaí maidir le hardú céime.

### 7.3. Tuairiscí na Measúnóirí Seachtracha

#### 7.3.1. Ról an EPPC

Sa chás gur aontaíodh go gcaithfear measúnóirí seachtracha a lorg, beidh na cúraimí seo a leanas ar bhaill an EPPC:

- Déanfar roinnt iarratas a shannadh dóibh;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na measúnóirí seachtracha ainmnithe a chuir an t-iarrthóir agus an Ceann Scoile/Déan Feidhmiúcháin ar fáil;
- Liosta na measúnóirí seachtracha a chomhaontú.

#### 7.3.2. Ról na hOifige Acmhainní Daonna

- Rachaidh Acmhainní Daonna i dteagmháil le liosta comhaontaithe na Measúnóirí Seachtracha agus lorgóidh siad ainmniúcháin bhreise (más gá) go dtí go mbeidh an líon riachtanach tuairiscí faighte;
- Tabharfar 4 seachtaine do na measúnóirí tuairisc a sholáthar.
- Cuirfear na tuairiscí ar aghaidh chuig an EPPC lena mbreithniú nuair a bheidh an líon riachtanach tuairiscí ó na measúnóirí seachtracha faighte ag Acmhainní Daonna;
- Ag deireadh an phróisis, is féidir le hiarrthóirí cóipeanna de na tuairiscí ó na Measúnóirí Seachtracha a fháil ach teagmháil a dhéanamh le hOifig Saorála Faisnéise na hOllscoile.

### 7.4. Modhanna Oibre – I ndiaidh an Mheasúnaithe Sheachtraigh

- Roghnóidh an Cathaoirleach ball den EPPC chun tús a chur leis an bplé ar mheasúnú gach iarratais mar aon le tuairiscí na measúnóirí seachtracha i gcoinne chritéir na scéime;
- Tabharfar deis do gach ball den choiste atá i láthair a bheith páirteach sa phlé;
- Sa chás go gcuireann measúnóir coimhlint leasa in iúl ina m(h)easúnú, déanfaidh an EPPC tuairisc an mheasúnóra a chur as an áireamh agus gheofar tuairisc bhreise nó tuairiscí breise. Sa chás go lorgaíonn an coiste tuairiscí breise ó na measúnóirí, breithneofar an t-iarratas ag an gcéad deis nuair a bheidh na tuairiscí breise ar fáil;
- Cinnfidh an EPPC ansin an bhfuil dóthain fianaise curtha ar fáil ag an iarrthóir i dtaca le hardú céime go dtí an leibhéal riachtanach, arna tacú ag measúnú seachtrach.
- Sa chás go moltar iarrthóir d'ardú céime, iarrfar ar bhall den EPPC dréacht-tuairisc aiseolais a ullmhú lena breithniú agus lena faomhadh ag an EPPC ag an gcéad chruinniú sceidealta eile. Ba chóir go mbeadh réasúnaíocht shoiléir sa tuairisc seo maidir leis an gcinneadh agus, nuair is cuí, aon réimsí ar leith eile a bheith luaite.
- I gcás nach bhfuil iarrthóir á mholadh d’ardú céime, iarrfar ar bhall den EPPC dréacht-

tuairisc aiseolais a ullmhú lena breithniú agus lena faomhadh ag an EPPC ag a chéad chruinniú sceidealta eile. Ba chóir go mbeadh réasúnaíocht shoiléir sa tuairisc seo maidir leis an gcinneadh agus ba chóir go ndéanfaí cur síos ar na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh an t-iarrthóir a dhéanamh chun a chinntiú go n-éireodh níos fearr le hiarratas a d'fhéadfaí a dhéanamh sa todhchaí. Ba chóir go dtabharfadh an t-aiseolas scála ama molta ina mbainfí na gníomhaíochtaí seo amach.

- Nuair a bheidh na tuairiscí aiseolais uile aontaithe, cuirfidh an EPPC bailchríoch ar an liosta moltaí atá le seoladh ar aghaidh chuig an Uachtarán le haghaidh a fhaofa.

**8. Deireadh an Phróisis**

Tar éis dheireadh an phróisis:

- Cuirfear ainmneacha na n-iarrthóirí a bhfuil an EPPC ag moladh ardú céime a thabhairt dóibh ar aghaidh chuig an Uachtarán le haghaidh a nglactha.
- Cuirfidh Acmhainní Daonna ainmneacha na n-iarrthóirí nach bhfuil molta ag an EPPC d'ardú céime ar aghaidh chuig an Uachtarán chomh maith.
- Cuirfidh Cathaoirleach an Choiste an cinneadh maidir lena n-iarratas in iúl i scríbhinn do na hiarrthóirí agus tabharfar tuairisc aiseolais dóibh ar an gcúis/na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh sin.
- Ba chóir d'iarrthóir a dteastaíonn uaidh/uaithi cóipeanna dá t(h)uairisc ó na Measúnóirí Seachtracha teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Saorála Faisnéise.
- Cuirfear torthaí an phróisis measúnaithe in iúl do Dhéin na gColáistí agus do na Cinn Scoile agus cuirfear cóip de na tuairiscí aiseolais ar fáil dóibh maidir leis na hiarrthóirí óna Scoil/Coláiste.
- Tabharfar deis d'iarrthóirí nár moladh ardú céime a thabhairt dóibh aiseolas ó bhéal a fháil freisin, de ghnáth laistigh de 30 lá ó thoradh an iarratais a bheith curtha in iúl dóibh. Soláthróidh beirt bhall den EPPC an t-aiseolas ó bhéal (go hiondúil an ball a dhréachtaíonn aiseolas an iarrthóra agus ball amháin eile den Choiste).
- Tar éis aiseolas ó bhéal a thabhairt, déanfar nóta gairid den chruinniú aiseolais a dhréachtú agus a choinneáil mar thaifead ar an gcruinniú. Seolfar an nóta chuig an iarrthóir le hathbhreithniú agus le comhaontú tar éis an chruinnithe aiseolais ó bhéal.
- Cuirfear in iúl d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile cé hiad na hiarrthóirí ar éirigh leo mar ghnáthmhír oibre.
- Seolfar liosta de na hiarrthóirí ar éirigh leo ardú céime a fháil ar aghaidh lena gcur ar an taifead ag an gcéad chruinniú eile d'Údarás na hOllscoile agus den Chomhairle Acadúil nuair a bheidh deireadh leis an bpróiseas.
- Féadfar na Measúnóirí Seachtracha a chur ar an eolas faoi thoradh iarratas an iarrthóra ar sholáthair sé/sí measúnú dó/di.
- Is é an dáta a mbeidh éifeacht le harduithe céime d'iarrthóirí a n-éireoidh leo an 1 Aibreán nó an 1 Deireadh Fómhair, ocht mí tar éis spriocdháta na n-iarratas don bhabhta ina ndearnadh an t-iarratas, ar choinníoll go bhfuil gach cead faighte faoin bPolasaí seo.

## 9. Nótaí agus Taifid

Beifear ag súil go ndéanfaidh gach ball den EPPC nótaí maidir lena m(h)easúnú ar gach iarratas. Ba chóir go mbeadh nótaí neamhphearsanta, fíor agus soiléir maidir leis an tuairim atá á tabhairt. Níor chóir go ndéanfadh nótaí comparáid idir iarrthóirí ach ba chóir go ndéanfadh siad tagairt do chritéir na scéime nó do ráitis a rinne an t-iarrthóir, an Ceann Scoile, an Déan Feidhmiúcháin, nó na Measúnóirí Seachtracha. Seolfar nótaí aonair chuig an riarthóir Acmhainní Daonna agus coinneofar iad ar feadh 12 mhí ar a laghad. Beidh nótaí agus miontuairiscí ábhartha ar fáil d'iarrthóirí ar iarratas i ndiaidh dheireadh an phróisis, lena n-áirítear aiseolas scríofa agus aiseolas ó bhéal. Soláthraítear tuairiscí ó na measúnóirí seachtracha faoi rún (faoi chuimsiú an chreata a bhaineann leis an reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise) agus coinneoidh an Oifig Acmhainní Daonna mar sin iad agus féadfaidh iarrthóirí iarratas a dhéanamh orthu faoi Shaoráil Faisnéise.

## 10. Rúndacht

Coimeádfaidh gach rannpháirtí rúndacht i rith an phróisis. Beidh an plé ar fad le linn an phróisis measúnaithe agus aon sonraí a ghintear faoi rún ag baill an Choiste Arduithe Céime d’Ollúna Bunaithe. Ní scaoilfear ainmneacha na n-iarrthóirí a gheobhaidh ardú céime go dtí go mbeidh glactha ag an Uachtarán le moltaí an EPPC agus go mbeidh na hiarrthóirí curtha ar an eolas dá réir.

## 11. Iarratais Neamhiomlána

Ní dhéanfaidh an EPPC iarratais neamhiomlána a chur chun cinn. Sa chás go dtugann an Coiste iarratas neamhiomlán faoi deara, déanfar é seo a chur ar ais chuig an iarratasóir, agus tabharfar cuireadh dó/di aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna atá le réiteach agus é a chur isteach arís i mbabhta eile ina dhiaidh sin.

***An tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí, ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar na Coistí Arduithe Céime (APC agus EPPC)***

**30 Eanáir 2026**